Nuacht TG4 16/05/2018 – Tuarascáil Bhliantúil (PAC Coimisinéir)

Tuairisceoir:

Ina thuarascáil bhliantúil a foilsíodh in Institiúid Oideachais Marino i mBaile Átha Cliath inniu, rinne an Coimisinéir Teanga, Rónán Ó Domhnaill, cur síos ar géaráin a rinneadh lena Oifig maidir le cinneadh an Aire Oideachais gan pátrúnacht do scoil ilchreidmheach lán-Ghaeilge a bhronnadh do bhunscoil a bhí le bunú i gceantar Dhroim Conrach, Marino agus Baile Átha Cliath 1. In ainneoin go raibh sé tugtha le fios ag tuismitheoirí trí chéad seasca's a haon dalta ansin gur bhfearr leofa oideachais lán-Ghaeilge a bheith ar fáil díofa. I ndiaidh imscrúdú foirmeálta a dhéanamh ar an chás, chinn an Coimisinéir Teanga nár comhlíonadh dualgaisí reachtúla san Acht Oideachais maidir leis an Ghaeilge.

Rónán Ó Domhnaill:

D'fhógair siad é sin cheana go bhfuil scoil nua á thógáil ach an rud atá ráite acu linne ná gur scoil ilchreidmheach lán-Ghaeilge faoin Fhoras Pátrúnachta a bheidh sa scoil sin, so sin dul chun cinn. Agus an dara rud atá fógraithe acu linn ná go bhfuil siad chun a mholadh chomh maith go ndéanfar leasú ar an bpróiseas roghnaithe d'fhorais atá ann faoi láthair, a éascóidh agus a chinnteodh, nó a cheart a chinnteodh, go mbeidh níos mó scoileannaí lán-Ghaeilge ann amach anseo. Go bunúsach ní theastóidh an leibhéal is airde éilimh, beidh fáilte roimh éinne atá ag iaaraidh scoil lán-Ghaeilge a thógáil ach, céatadán áirthid den leibhéal is airde agus sa gcás sin go dtógfaí scoil lán-Ghaeilge agus lán-Bhéarla.

Caoimhín Ó hEadhra, An Foras Patrúnachta:
Tá súil againn sa bpróiseas pátrúnachta nua atá ag teacht aníos go n-éireoidh linn níos mó agus níos mó gaelscoileanna a bhunú mar gheall ar na torthaí atá ar an imscrúdú seo agus na moltaí atá déanta ag an Roinn Oideachais dhá bharr.

Tuairisceoir:

Tugadh faoi imscrúdú ar Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge maidir le foilsiú tuarascáil bhliantúil do 2015 i mBéarla amháin. Bhain imscrúdú ar Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath le freagraí i mBéarla a bheith in eisiúint ar chumarsáid i scríbhinn a bhí i nGaeilge agus bhain imscrúdú eile le Comhairle Contae Chorcaí maidir le dréacht-phleananna forbartha áitiúla agus logainmneacha oifigiúla Gaeilge a bheith á bhfoilsiú i mBéarla amháin.
Tháinig laghdú 17% ar líon na ngearán a rinneadh le hOifig an Choimisinéara Teanga ó seacht gcéad seasca's a hocht (768) i 2016 go sé chéad tríocha's a hocht (638) anuraidh. Ba ó dhaoine a bhfuil cónaí orthu i mBaile Átha Cliath a tháinig 35% de na gearáin.

Peadar Mac Gaoithín, Nuacht TG4